



SPÓRT ÉIREANN  
SPORT IRELAND

Spórt Éireann:  
Infheistíocht sa Spórt,  
**2025**



# Coistí Náisiúnta Rialaithe

## Cúlra

Tá na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt (CRNanna) dá dtugann Spóirt Éireann aitheantas i gcoilár spóirt na hÉireann. Is gníomhairí soláthar ag leibhéal an phobail iad do chuspóirí straitéiseacha Spóirt Éireann agus do bheartas níos leithne an Rialtais. Príomhfócas de chuid Spóirt Éireann is ea cabhrú le CRNanna struchtúir éifeachtacha a fhorbairt a éascóidh méadú ar líon na rannpháirtithe agus n-oibríthe deonacha sa spóirt.

Déantar infheistíocht leis an aidhm shonrach inbhuanaitheacht fhadtéarmach na CRNanna a chinntiú. Agus infheistíocht á déanamh in CRNanna, tógann Spóirt Éireann san áireamh an tábhacht náisiúnta a bhaineann le gach spóirt, cáilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, leibhéal rannpháirtíochta, ballraíochta, saorálaíochais agus caipiteal sóisialta. Is mian le Spóirt Éireann raon ilghnéitheach spóirt a fheiceáil ar fáil do phobal na hÉireann freisin agus leanann sé d'infheistíocht a dhéanamh i réimse leathan CRNanna.

## Infheistíocht in 2025

Tá méadú eile ar thacaíocht airgeadais do CRNanna arís in 2025. Ó foilsíodh an Beartas Náisiúnta Spóirt in 2018, tá méadú tagtha ar an gCroi-infheistíocht fhoriomlán a rinneadh in CRNanna ó €10.8m go €18.3m in 2025, arb ionann é sin agus méadú 69%. Tugann an infheistíocht mhéadaithe sin deis do Spóirt Éireann tacaíocht bhreise a thabhairt don earnáil CRN.

Ó 2018 i leith, tugadh faoi thionscnaimh shonracha chun acmhainn na CRNanna atá faoi stiúir oibríthe deonacha a fhorbairt, rud a chuir ar a gcumas ailíniú níos fearr le cuspóirí níos leithne an rialtais, lena n-áirítear an t-aistriú ó struchtúir faoi stiúir oibríthe deonacha go foirne gairmiúla a earcú. In 2025, tá sé mar aidhm ag Spóirt Éireann infheistíocht a fheabhsú in CRNanna ardfheidhmíochta atá faoi stiúir oibríthe deonacha chun tacú le hiarrachtaí forbartha atá dírithe ar a n-acmhainn, ar a n-inbhuanaitheacht agus ar a bhfás fadtéarmach a neartú.

## Infheistíocht Ilbhliantúil

Ar aon dul le Gníomh 1 de Phlean Gníomhaíochta Spóirt an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2024–2027, féachfaidh Spóirt Éireann le cur chuige ilbhliantúil maidir le leithdháiltí infheistíochta croidheontais a rolladh amach ó 2026 ar aghaidh:

**Gníomh 1** – *“Chun cumas pleanála agus cobhsaíocht oibríochtaí ar gcomhlachtaí spóirt a fheabhsú, cuirfimid cur chuige ilbhliantúil i bhfeidhm maidir le bunmhaoiniú a leithdháileadh ar chomhlachtaí spóirt, faoi réir buiséad a bheith ar fáil agus na comhlachtaí spóirt cloí leis na riachtanais rialachais atá i réim ar bhonn leanúnach.”*

## An Cód Rialachais don Spóirt

Measann Spóirt Éireann go bhfuil rialachas éifeachtach riachtanach chun trédhearacht, cuntasacht agus ceannaireacht eiticíúil a chinntiú ar fud na hearnála. Táimid fós ag caitheamh dúthrachta le cumas rialachais a neartú, ach an tuiscint againn gur aistear leanúnach é seachas ceann scríbe. Leagtar béim i nGníomh 38 de Phlean Gníomhaíochta Spóirt an Bheartais Náisiúnta Spóirt, 2024–2027 ar an ngá atá le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar an gCód Rialachais don Spóirt chun an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn a léiriú. Anois trí bliana tar éis an spriocdháta bunaidh ar an 31 Nollaig 2021, beidh Spóirt Éireann i gceannas ar athnuachan cuimsitheach ar an gCód in 2025, chomh maith le príomhthacaí, oideachas agus oiliúint a chur ar fáil trínár gclár tacaíochta rialachais, Gov-Enhance.

**Gníomh 38** – *“Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh go leanúnach ar an gCód Rialachais don Spóirt chun treochtaí nua rialachais a chur san áireamh.”*

## Ceann um Míchumas sa Spórt

Ar aon dul le Gníomh 13 de Phlean Gníomhaíochta Spóirt an Bheartais Náisiúnta Spóirt, tá Ceann um Míchumas sa Spórt ceaptha ag Spórt Éireann chun rannpháirtíocht do dhaoine faoi míchumas sa spórt a bhrú chun cinn. Tá an ról tábhachtach seo lárnach do thiomantas Spórt Éireann méadú deiseanna rannpháirtíochta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

Sheol Spórt Éireann a Bheartas um Rannpháirtíocht do Dhaoine faoi Míchumas sa Spórt in 2017. Tháinig an Disability Inclusion in Sport Statement of Commitment and Action (an Ráiteas um Thiomantas agus Gníomhaíocht maidir le Rannpháirtíocht sa Spórt do Dhaoine faoi Míchumas), a seoladh i mí na Samhna 2024, i gcomharbacht ar an mbeartas seo ó shin. Leagann an ráiteas amach cur chuige straitéiseach Spórt Éireann maidir le rannpháirtíocht ionchuimsitheach sa spórt agus i ngníomhaíocht coirp a chothú.

Le blianta beaga anuas, bhí ról lárnach ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a dhíríonn ar dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhar le CRNanna príomhshrutha agus le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, i gcur le deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas. Beidh an Ceann um Míchumas sa Spórt freagrach as an Ráiteas um Thiomantas agus Gníomhaíocht maidir le Rannpháirtíocht sa Spórt do Dhaoine faoi Míchumas a chur i bhfeidhm, agus oibreoidh sé go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála spóirt lena chinntiú go gcuirfead i gcrích é.

**Gníomh 13** – *“Ceann um Míchumas sa Spórt a cheapadh laistigh de Spórt Éireann chun ceannaireacht spriocdhírthe a sholáthar agus infheistíocht spriocdhírthe chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna an NSP maidir le cur le rannpháirtíocht i measc daoine a bhfuil tinneas fadtéarmach nó míchumas orthu.”*

## Tacaíocht d’Imeachtaí Idirnáisiúnta

In 2025, ar aon dul le Gníomh 24 de Phlean Gníomhaíochta Spóirt an Bheartais Náisiúnta Spóirt, bunóidh Spórt Éireann beartas tiomnaithe um infheistíocht in imeachtaí, buiséad agus próiseas struchtúrtha léirithe spéise le haghaidh imeachtaí CNR 2026 a bheidh á n-óstáil in Éirinn. Soláthróidh an tionscnamh seo critéir shoiléire maidir le maoiniú a leithdháileadh ar CRNanna, rud a chinnteoidh go mbeidh cur chuige trédhearcach agus straitéiseach i leith infheistíocht imeachtaí ann. Trí sholáthar rathúil na n-imeachtaí sin a chothú, tá sé mar aidhm ag Spórt Éireann cur le clú na hÉireann mar cheann scríbe den scoth don spórt idirnáisiúnta, buntáistí eacnamaíocha a spreagadh tríd an turasóireacht agus rannpháirtíocht áitiúil mhéadaithe, agus oidhreacht fadmharthanach a chruthú do lúthchleasaithe, do lucht leanúna agus do phobail áitiúla ar fud na tíre.

**Gníomh 24** – *“Scéim maoinithe a bhunú chun tacú le himeachtaí spóirt idirnáisiúnta ar an mionchóir a óstáil.”*

## Ionadaíocht i gCónaidhmeanna Spóirt Idirnáisiúnta

Ach naisc láidre a chothú le comhlachtaí idirnáisiúnta spóirt, is féidir cur le forbairt an spóirt in Éirinn agus cinnte a dhéanamh de go bhfuiltear ag cloí leis na cleachtais idirnáisiúnta is fearr agus infheictheacht ar an ardán domhanda a ardú. Spreagann Spórt Éireann CRNanna go gníomhach ina n-iarrachtaí chun ionadaíocht a dhéanamh orthu féin ina gcónaidhmeanna idirnáisiúnta faoi seach, agus tá sé tiomanta do thacaíocht a thabhairt do CRNanna cur leis an tionchar a imríonn siad, lena gcaighdeáin rialachais, agus leas a bhaint as deiseanna forbartha atá ailínithe le dea-chleachtas domhanda.

**Gníomh 46** – *“Eagraíochtaí náisiúnta spóirt a spreagadh agus tacú leo deiseanna ionadaíochta a lorg agus a thapú, nuair is cuí, ina gcónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt féin.”*

## Cothromaíocht Inscne ar Bhoird

Tá gealltanas tugtha ag Spóirt Éireann agus ag an Rialtas go leanfaidh eagraíochtaí spóirt orthu ag déanamh cinnte de go mbíonn cothromaíocht inscne ar bhoird. Léiríonn an léargas is déanaí ar chomhdhéanamh bord maidir le hinscne san earnáil spóirt gurb ionann líon na mban atá ar bhoird anois agus 48% san iomlán. Chun leithdháileadh bunmhaoinithe a fháil, tá ar eagraíochtaí spóirt a léiriú gurb ionann ionadaíocht ban ar an mbord agus 40% ar a laghad. Cé gur féidir méadú/laghdú teacht ar na céatadáin sin mar gheall ar chomhaltáí boird teacht ar an mbord nó imeacht as, tá formhór na n-eagraíochtaí spóirt tiomanta don sprioc sin a bhaint amach agus a choimeád ar feadh na bliana.

**Gníomh 18** - *“Cinntiú go mbaintear amach agus go gcoimeádtar ionadaíocht inscne 40% ar bhoird eagraíochtaí náisiúnta spóirt agus go gcoinneofar 50% de mhaoiniú Stáit (gan maoiniú Mná sa Spóirt san áireamh) siar ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ó Chomhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla go mbeidh ionadaíocht inscne 40% i bhfeidhm”.*

## Straitéis Náisiúnta Snámha

Foilsíodh an chéad Straitéis Snámha Náisiúnta riamh d’Éirinn in 2024 leis an bhfís deis a thabhairt do gach duine dul ag snámh. Forbraíodh an Straitéis mar fhreagairt ar an ngá a bhí le cosán forbartha a leagan amach go soiléir le haghaidh deiseanna snámha in Éirinn. Tá sé bunaithe ar éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht, agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar sholáthar snámha, ar cháilíocht snámha agus ar rochtain ar dheiseanna snámha ar fud na tíre.

Chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise seo, fuair Cumann Snámha na hÉireann maoiniú dar luach €500,000 chun Gníomhaithe Snámha a chur ag obair ag an leibhéal áitiúil. Beidh Spóirt Éireann ag comhordú páirtithe leasmhara agus ag obair leo chun meitheal oibre a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise seo agus ar na gníomhaíochtaí a bhaineann léi, agus chun tacaíocht a thabhairt ina leith.

**Gníomh 12** – *“An Straitéis Náisiúnta um Shnámh a chur i bhfeidhm”.*

## Buiséad do Thionscadail Speisialta

Mar a bhí sna blianta roimhe seo, déanfar maoiniú a imfhálú do thacaíochtaí agus do thionscadail bheaga CRN faoin líne bhuiséid ‘Tionscadail agus Cláir Speisialta’. Is é an méid a chuirfear ar fáil in 2025 ná €92,000, thíos ó €302,000 in 2024. Sáraítear an laghdú sin le bunú Buiséad Imeachtaí CRN ar leith, rud a eascraíonn as seoladh Chreat Beartais agus Straitéise an Rialtais um Mór-Imeachtaí Spóirt Idirnáisiúnta. Aithníonn sé sin an gá atá le tacú le himeachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta in Éirinn a bhfuil tábhacht straitéiseach leo.

## Comhlachtaí Maoinithe Eile

Infheistíonn Spóirt Éireann i roinnt comhlachtaí ionadaíocha agus sainchomhlachtaí eile chun tacú le deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a fhorbairt ar fud na hÉireann agus chun cur le cumas agus le hacmhainn na hearnála spóirt i gcoitinne. Tacaíonn na comhlachtaí sin le Spóirt Éireann ár bpríomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus gníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh.


## Cónaidhm Spóirt na hÉireann

Is é Cónaidhm Spóirt na hÉireann an eagraíocht ionadaíoch do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt in Éirinn. Faoi láthair, déanann sé ionadaíocht ar bhreis is 110 eagraíocht. Bhunaigh na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt an eagraíocht in 2002. Príomhfheidhm de chuid Chónaidhm Spóirt na hÉireann is ea feasacht ar bhuntáistí an spóirt a ardú i réimse na polaitíochta agus stocaireacht a dhéanamh thar ceann a comhaltaí le haghaidh níos mó infheistíocht ón stáit. Soláthraíonn Cónaidhm Spóirt na hÉireann raon seirbhísí tacaíochta tábhachtacha do CRNanna agus do CÁSanna freisin chomh maith le Sport Dispute Solutions Ireland (SDSI) a réachtáil.

## Spórt Mac Léinn na hÉireann

Is é Spórt Mac Léinn na hÉireann an comhlacht ionadaíoch do spórt ardoideachais ar fud oileán na hÉireann. Díríonn sé go príomha ar cheannaireacht a thabhairt i leith fhorbairt na hearnála agus ar spórt agus gníomhaíocht coirp a éascú sna 23 ollscoil agus coláiste cleamhnaithe a dhéanann ionadaíocht do 240,000 mac léinn lánaimseartha agus do bhreis is 800 club spóirt in institiúidí ardoideachais. Déanann Spórt Éireann infheistíocht i Spórt Mac Léinn na hÉireann chun tacú le comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus institiúidí Ardoideachais.

Infheistíocht Croidheontais i gCoistí Náisiúnta Rialaithe, 2018-2025



## Infheistíocht faoin mBeartas Náisiúnta Spórt, 2018-2027 (go dtí seo)

Coiste Náisiúnta Rialaithe	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta	€1,200,000	€1,200,000	€1,400,000	€1,400,000	€1,450,000	€1,500,000	€1,600,000	<b>€1,650,000</b>
Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann	€887,000	€950,000	€1,000,000	€1,000,000	€1,100,000	€1,150,000	€1,230,000	<b>€1,270,000</b>
Cumann Snámha na hÉireann	€827,000	€910,000	€950,000	€950,000	€1,050,000	€1,100,000	€1,175,000	<b>€1,215,000</b>
Eachspórt Éireann	€775,000	€855,000	€930,000	€930,000	€975,000	€1,000,000	€1,070,000	<b>€1,105,000</b>
Cumann Cispheile na hÉireann	€598,000	€695,000	€740,000	€740,000	€800,000	€840,000	€900,000	<b>€930,000</b>
Cumann Leadóige na hÉireann	€353,000	€425,000	€450,000	€450,000	€450,000	€475,000	€535,000	<b>€760,000</b>
Cruicéad Éireann	€355,000	€450,000	€480,000	€480,000	€500,000	€525,000	€570,000	<b>€595,000</b>
Cumann Pheil na mBan	€400,000	€450,000	€485,000	€485,000	€500,000	€525,000	€570,000	<b>€595,000</b>
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann	€432,000	€475,000	€500,000	€500,000	€500,000	€525,000	€570,000	<b>€595,000</b>
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	€323,000	€385,000	€410,000	€410,000	€450,000	€475,000	€520,000	<b>€545,000</b>
Cumann na Camógaíochta	€395,000	€395,000	€435,000	€435,000	€450,000	€475,000	€520,000	<b>€545,000</b>
Rothaíocht Éireann	€305,000	€350,000	€420,000	€420,000	€420,000	€440,000	€500,000	<b>€525,000</b>
Cumann Badmantain na hÉireann	€320,000	€365,000	€390,000	€390,000	€425,000	€445,000	€490,000	<b>€515,000</b>
Cumann Gleacaíochta na hÉireann	€230,000	€320,000	€340,000	€340,000	€370,000	€395,000	€420,000	<b>€445,000</b>
Cumann Haca na hÉireann	€260,000	€325,000	€340,000	€340,000	€365,000	€383,000	€410,000	<b>€435,000</b>
Rámhaíocht Éireann	€210,000	€300,000	€320,000	€320,000	€350,000	€368,000	€395,000	<b>€420,000</b>
Aontas Gailf na hÉireann	€233,000	€300,000	€320,000	€320,000	€350,000	€368,000	€395,000	<b>€415,000</b>
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt)	€240,000	€275,000	€285,000	€285,000	€315,000	€330,000	€360,000	<b>€380,000</b>
Aontas Canúála na hÉireann	€205,000	€250,000	€275,000	€275,000	€310,000	€325,000	€355,000	<b>€375,000</b>
Cluichí Pobail Náisiúnta	€284,000	€315,000	€315,000	€260,000	€285,000	€299,000	€320,000	<b>€340,000</b>
Trí-Atlan Éireann	€108,000	€180,000	€225,000	€225,000	€265,000	€278,000	€300,000	<b>€320,000</b>
Scuais Éireann	€160,000	€180,000	€200,000	€200,000	€230,000	€242,000	€300,000	<b>€320,000</b>
Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann	€193,000	€225,000	€235,000	€235,000	€235,000	€247,000	€265,000	<b>€285,000</b>
Cumann Eitpheile na hÉireann	€185,000	€200,000	€210,000	€210,000	€230,000	€242,000	€260,000	<b>€280,000</b>
Rásaíocht Mótair Éireann	€137,000	€160,000	€180,000	€180,000	€200,000	€210,000	€220,000	<b>€240,000</b>
Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann	€107,000	€107,000	€115,000	€115,000	€150,000	€160,000	€210,000	<b>€230,000</b>
Cumann Júdó na hÉireann	€70,000	€85,000	€100,000	€100,000	€150,000	€155,000	€165,000	<b>€180,000</b>
Galf Dhá Mhaide Éireann	€63,000	€75,000	€80,000	€80,000	€95,000	€100,000	€150,000	<b>€165,000</b>

Coiste Náisiúnta Rialaithe	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Cumann Surfála na hÉireann	€64,000	€75,000	€80,000	€80,000	€125,000	€130,000	€135,000	<b>€150,000</b>
Spóirt Radhairc na hÉireann	€35,000	€45,000	€48,000	€48,000	€70,000	€75,000	€125,000	<b>€140,000</b>
Tumadóireacht Éireann	€60,000	€70,000	€75,000	€75,000	€110,000	€116,000	€125,000	<b>€140,000</b>
Liathróid Láimhe CLG Éireann	€90,000	€100,000	€105,000	€105,000	€115,000	€120,000	€130,000	<b>€130,000</b>
Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann	€63,000	€70,000	€75,000	€75,000	€80,000	€85,000	€100,000	<b>€115,000</b>
Cumann Treodóireachta na hÉireann	€45,000	€65,000	€65,000	€65,000	€75,000	€80,000	€85,000	<b>€100,000</b>
Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann	€36,000	€45,000	€48,000	€48,000	€48,000	€50,000	€55,000	<b>€95,000</b>
Coimisiún Ealaíon Comhraic na hÉireann	€45,000	€60,000	€60,000	€60,000	€75,000	€78,000	€90,000	<b>€90,000</b>
Pionsóireacht Éireann	€27,000	€55,000	€55,000	€55,000	€65,000	€68,000	€75,000	<b>€90,000</b>
Liathróid Láimhe Oilimpeach Éireann	€35,000	€45,000	€48,000	€48,000	€60,000	€65,000	€75,000	<b>€90,000</b>
Cumann Tógála Meáchan na hÉireann	-	€30,000	€32,000	€32,000	€55,000	€57,000	€75,000	<b>€90,000</b>
Spóirt na mBodhar, Éire	€61,000	€65,000	€65,000	€65,000	€67,000	€68,000	€70,000	<b>€85,000</b>
Bolláí Éireann	€24,000	€30,000	€32,000	€32,000	€50,000	€55,000	€70,000	<b>€85,000</b>
Tarraingt Téide na hÉireann	€22,000	€40,000	€40,000	€40,000	€55,000	€57,000	€60,000	<b>€75,000</b>
Peil Mheiriceánach Éireann	€23,000	€30,000	€32,000	€32,000	€45,000	€50,000	€60,000	<b>€75,000</b>
Cumann Bhabhláil Deich bPionna na hÉireann	€27,000	€35,000	€37,000	€37,000	€45,000	€47,000	€55,000	<b>€65,000</b>
Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann	€20,000	€25,000	€27,000	€27,000	€40,000	€42,000	€50,000	<b>€60,000</b>
Cónaidhm Casta Baitín na hÉireann	€16,000	€20,000	€25,000	€25,000	€40,000	€42,000	€48,000	<b>€58,000</b>
Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann	€15,000	€20,000	€25,000	€25,000	€40,000	€42,000	€48,000	<b>€58,000</b>
Gluaisrothaíocht Éireann	€48,000	€48,000	€48,000	€48,000	€50,000	€55,000	€55,000	<b>€55,000</b>
Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann	€10,000	€15,000	€20,000	€20,000	€30,000	€32,000	€45,000	<b>€55,000</b>
Cumann Haca Oighir na hÉireann	-	€10,000	€10,000	€10,000	€25,000	€28,000	€45,000	<b>€55,000</b>
ONAKAI	€6,000	-	€10,000	€10,000	€25,000	€28,000	€45,000	<b>€55,000</b>
Ból-Chumann na hÉireann	€20,000	€30,000	€32,000	€32,000	€35,000	€37,000	€40,000	<b>€50,000</b>
Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann	€15,000	€20,000	€25,000	€25,000	€30,000	€32,000	€40,000	<b>€50,000</b>
Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann	€10,000	€15,000	€20,000	€20,000	€30,000	€32,000	€40,000	<b>€50,000</b>
Cumann Boghdóireachta na hÉireann	€12,000	€15,000	-	€15,000	€30,000	€32,000	€40,000	<b>€50,000</b>
Cumann Cróice na hÉireann	€5,000	€10,000	€10,000	€10,000	€25,000	€28,000	€35,000	<b>€45,000</b>



Coiste Náisiúnta Rialaithe	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Rugbaí Sraithe Éireann	€11,000	€15,000	€20,000	€20,000	€35,000	€37,000	€40,000	<b>€40,000</b>
Taecuando Éireann	€9,000	€25,000	€25,000	€25,000	€35,000	€37,000	€37,000	<b>€37,000</b>
Tionscadail agus Cláir Speisialta*	€126,000	€305,000	€501,000	€541,000	€420,000	€488,000	€302,000	<b>€92,000</b>
Aistriú Cláir Feidhmíochta**	-	-	-	-	-	€230,000	€230,000	-
Infheistíocht Straitéiseach Spriocdhírthe***	-	-	-	-	-	-	-	<b>€200,000</b>
Cluichí Oilimpeacha Speisialta Domhanda	-	€180,000	-	-	-	-	-	-
Cumann Caiteoirí Crú Capaill na hÉireann	€5,000	€10,000	-	-	-	-	-	-
Aerclub Náisiúnta na hÉireann	€5,000	-	-	-	-	-	-	-
Peantatlan Éireann****	-	€20,000	€20,000	€20,000	-	-	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>€10,845,000</b>	<b>€12,845,000</b>	<b>€13,845,000</b>	<b>€13,845,000</b>	<b>€15,000,000</b>	<b>€16,000,000</b>	<b>€17,300,000</b>	<b>€18,300,000</b>

\* **Tionscadail agus Cláir Speisialta:** Maoiniú imfhálaithe do thionscadail CRNanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo

\*\* **Aistriú Cláir Feidhmíochta:** Maoiniú chun tacú le Cláir Feidhmíochta i gCumann Leadóige na hÉireann agus i gCumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann (san áireamh i bhfigiúir croi-dheontais bonnline gach CRN in 2025)

\*\*\* **Infheistíocht Straitéiseach Spriocdhírthe:** Infheistíocht spriocdhírthe chun tacú le Trí-Atlan Éireann, le Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann agus le Rámhaíocht Éireann

\*\*\*\* **Peantatlan Éireann:** Maoiniú comhardaithe leis an gClár Ardfheidhmíochta

Eagraíocht	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Cónaidhm Spóirt na hÉireann	€100,000	€100,000	€115,000	€115,000	€115,000	€125,000	€135,000	<b>€155,000</b>
Spórt Mac Léinn na hÉireann	€50,000	€60,000	€60,000	€60,000	€60,000	€70,000	€75,000	<b>€90,000</b>
Aostacht agus Deiseanna	€607,605	€607,605	€607,605	€607,605	€607,605	€620,000	€620,000	<b>€630,000</b>
Míchumas Gníomhach Éireann	€130,000	€130,000	€130,000	€130,000	€130,000	€140,000	€140,000	<b>€150,000</b>
Éire Gníomhach								<b>€50,000</b>
<b>Iomlán</b>	<b>€887,605</b>	<b>€897,605</b>	<b>€912,605</b>	<b>€912,605</b>	<b>€912,605</b>	<b>€955,000</b>	<b>€970,000</b>	<b>€1,075,000</b>

\* Tá Ireland Active maoinithe le linn fad saoil an Pholasaí Spóirt, ach is trí shruthanna maoinithe éagsúil go dtí seo a rinneadh é seo. In 2025 aistríodh Ireland Active isteach i sruth maoinithe an Chroí.

# COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÁITIÚLA SPÓIRT SPÓRT ÉIREANN

## BUAICPHOINTÍ RANPHÁIRTÍOCHTA 2024

Cuireadh deiseanna ar fáil i mbreis agus 60 spórt éagsúil

**60 spórt**



**2,000+**

Ghlac breis agus 200,000 duine páirt i dtionscnaimh CÁS a dhírigh go sonrach ar limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

**40%**

Bhí 40% ar a laghad d'ionadaithe ar bhoird agus ar choistí ag gach CÁS ina mná



**17,000+**

Ghlac breis agus 17,000 duine páirt i dtionscnaimh a ceapadh go sonrach do dhaoine faoi mhíchumas.



### D'ÉIRIGH THAR BARR LE SEACHTAIN SPÓIRT NA HEORPA, 2024 IN ÉIRINN

**650** imeacht ar fud na tíre, le breis

**1.2m** Rannpháirtí páirteach ann



## BUAICPHOINTÍ INFHEISTÍOCHTA 2025

**€1,000,000**

Infheistithe i gCláir agus i bhForbairt

**€1,170,000**

Infheistithe in OFSPanna

**€1,200,000**

Infheistithe in ORSDManna

**€1,300,000**

Infheistithe i mBainisteoirí Cláir

**€1,260,000**

Infheistithe in Oifigigh Forbartha CÁS eile

**€415,000**

Infheistithe go díreach i gcláir um Mná sa Spórt



# Rannpháirtíocht

## Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt de chuid Spóirt Éireann

Méadaíodh infheistíocht Spóirt Éireann ar fud an líonra de 29 Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil (CÁSanna) do 2025, le hinfeistíocht iomlán de €11,945,000. Is príomhthiománaí iad na CÁSanna do Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann agus cuireann siad meicníocht shármhaith ar fáil do Spóirt Éireann chun forbairt leanúnach deiseanna ardchaighdeáin spóirt agus gníomhaíochta coirp a éascú i bpobail ar fud na tíre.

Déanfaidh an straitéis infheistíochta atá beartaithe ag Spóirt Éireann do 2025 obair na CÁSanna a leathnú tuilleadh agus leanfar de thacú le pobail, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste, agus de chur lena gcumas tabhairt faoin spóirt agus faoi gníomhaíocht coirp. Beidh sé mar bhonn agus mar thaca ag na CÁSanna fíis Spóirt Éireann a neadú ag leibhéal áitiúil. Tacóidh sé le foireann an CÁS soláthar deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a bhunú agus a chur chun cinn le maoiniú cláir suntasach leanúnach, le buiséid lena gcur chun cinn, agus cistí forbartha pobail agus clubanna. Uasmhéadóidh an straitéis infheistíochta chomhordaithe seo tionchar acmhainní an CÁS agus tógfaidh sí comhpháirtíochtaí agus acmhainneacht trí infheistíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht coirp i bpobail áitiúla ag an am céanna.

## Éire Gníomhach

Is éard is Éire Gníomhach ann ná cumann náisiúnta na hearnála fóillíochta, sláinte agus aclaíochta. Déanann sé ionadaíocht do níos mó ná 350 ionad fóillíochta, ionad aclaíochta, linn snámha, soláthraí oideachais aclaíochta agus áis áineasa, idir phoiblí agus phríobháideach, ar fud na tíre. Is é an misean atá ag Éire Gníomhach ná tacú lena chuid ball téarnamh, fás agus neartú ionas go spreagfar níos mó daoine le bheith níos gníomhaí, níos minice. Tá sé mar aidhm ag Éire Gníomhach caighdeáin spóirt, fóillíochta agus aclaíochta a ardú trí chlár gairmiúil a fheidhmiú le haghaidh gairmithe

aclaíochta (REPanna) agus trí na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cailíochta d'áiseanna a réachtáil gach bliain.


## Aostacht agus Deiseanna – Clár Gníomhaíochta Coirp

Maoiníonn Spóirt Éireann clár spóirt agus gníomhaíochta coirp de chuid Aostacht agus Deiseanna mar chuid dá ghealltanas rannpháirtíocht sa spóirt áineasa i measc daoine scothaosta a mhéadú. Tá sé mar aidhm ag Beir Beo ar an Saol daoine scothaosta a spreagadh le bheith níos gníomhaí, agus tá a chuspóirí ailínithe go dlúth leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt chomh maith leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Coirp, an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach agus Éire Shláintiúil. Oibríonn clár Aostacht agus Deiseanna go dlúth le líonra na gComhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla chun raon deiseanna a chruthú chun cabhrú le daoine scothaosta tabhairt faoi níos mó gníomhaíocht coirp amhail na cláir FitLine, CarePAL agus peile siúil.

## Míchumas Gníomhach Éireann

Ainmníonn Beartas Spóirt Éireann ar Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt Míchumas Gníomhach Éireann (CARA roimhe seo) mar an eagraíocht tacaíochta ag a mbeidh ról ríthábhachtach straitéiseach, oibríochta agus abhcóideachta maidir le daoine faoi mhíchumas sa spóirt in Éirinn. “Tá luach faoi leith ag baint lena dtuiscint agus lena saineolas leathan náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna a bhaineann le spóirt d’fhorbairt beartais spóirt.” Éascaíonn Míchumas Gníomhach Éireann rannpháirteachas daoine faoi mhíchumas tríd an gCairt um Rannpháirtíocht sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn. Déanann sé sin trí sholáthar ceardlann oiliúna agus oideachais ar rannpháirtíocht sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Coirp do dhaoine faoi mhíchumas a chomhordú freisin, amhail na cláir seo: Xcessible, Feasacht ar Mhíchumas agus Rannpháirtíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas.

# Príomhthéamaí straitéis infheistíochta CÁS Spóirt Éireann 2025



1

## Cláir agus Forbairt

In 2025, coimeádfaidh Spóirt Éireann an leibhéal infheistíochta chun tacú le maoiniú an chláir CÁS ag €982,938. Trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na gclár spriocdhírthe agus trí leas a bhaint as an tacaíocht a chuirtear ar fáil do chlubanna chun iad a spreagadh le caidreamh a thógáil le grúpaí faoi ghannionadaíocht, tacóidh an infheistíocht seo le comhlíonadh Gníomhartha 5, 6, 9, 14 agus 28 den Bheartas Náisiúnta Spóirt.

2

## Bainisteoirí Cláir

Infheisteoidh Spóirt Éireann €1,302,521 chun Bainisteoir Cláir a fhostú i ngach CÁS. Díreoidh an ról seo ar thacú leis an bhfeidhm bhainistíochta, le forbairt tionscnamh pobail agus clubanna chomh maith le comhordú na gclár sa CÁS. Ardaíonn an ról seo an t-íoslión foirne i ngach CÁS go seisear, rud a chuireann le hacmhainn an CÁS comhsheasmhacht deiseanna a thógáil agus a chothabháil i ngach contae in Éirinn.

3

### Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (ORSDM)

Baineann Gníomh 12, Beartas Náisiúnta Spóirt, go sonrath leis na nithe seo a leanas:

*“Agus aghaidh á tabhairt againn ar ghrádáin rannpháirtíochta, maidir le míchumas, déanfaimid iniúchadh ar an bhféidearthacht le líonra náisiúnta a chur ar bun d’Oifigigh Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (ORSDManna) a bheadh ailínithe leis an líonra CÁS. Bheadh súil leis na ORSDManna seo a bheith ag obair go dlúth le CRNanna ábhartha, leis an earnáil míchumais, le soláthraithe ionad fóillíochta, le Lárionad CARA\* agus le páirtithe leasmhara eile chun deiseanna a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt”.*

Bunaithe in 2018, le rolladh amach náisiúnta in 2019, spreagann agus éascaíonn na ORSDManna níos mó daoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht coirp agus forbraíonn siad clubanna agus cláir inbhuanaithe in go leor suíomhanna. In 2025, tá sé beartaithe ag Spórt Éireann €1,217,000 a infheistiú chun ORSDM i ngach CÁS a fhostú ar bhonn leanúnach agus le haghaidh acmhainní a theastaíonn chun Clár um Rannpháirtíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas sa Spórt (CRDMS) de chuid Spórt Éireann a sholáthar, rud a bhainfidh cuspóir an Bheartais Náisiúnta Spóirt amach.

4

### Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal (OFSP)

Méadóidh Spórt Éireann an infheistíocht sa líonra CÁS ó €1,015,000 in 2024 go €1,174,000 in 2025 chun OFSPanna a fhostú i ngach ceann de na 29 CÁS. Is é is aidhm don mhéadú molta seo ar infheistíocht i maoiniú 2025 cobhsaíocht leanúnach chlár OFSP a áirithiú trí ranniocaíochtaí a chur i dtreo chostais tuarastail na ról sin. Tá sé de chúram ar na OFSPanna rochtain na CÁSanna a mhéadú do ghrúpaí atá i mbaol agus pobail áitiúla a ghríosú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear comhordú na gclár spriocdhírthe agus tionscnaimh oiliúna do chlubanna agus do phobail. Tacóidh na OFSPanna freisin le cuspóirí Gníomh 46 den Phlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Coirp, is é sin ‘Cur le hacmhainn na CÁSanna chun pleananna a stiúrtar go háitiúil agus níos mó cláir gníomhaíochta coirp inbhuanaithe fadtéarmacha a fhorbairt tuilleadh.

5

### Oifigigh CÁS Breise / Foireann CÁS Eile


In 2025, tá sé beartaithe ag Spórt Éireann €1,260,000 a infheistiú chun róil a choimeád ar fud na 29 CÁS chun na réimsí tosaíochta seo a leanas a chlúdach; Rialachas agus Airgeadas, Forbairt Pobail agus Clubanna, Éagsúlacht Eitneach, Forbairt Spórt Amuigh, Cur Chun Cinn agus Ardú Feasachta, Mná sa Spórt agus tacaíocht Riaracháin. Tá na hoifigigh seo éagsúil ar fud an líonra CÁS chun tacú le riachtanais áitiúla agus ní áiríonn siad Comhordaitheoir CÁS ná poist Riaracháin atá bunaithe cheana féin.

## 6

## Mná sa Spórt

Is é an leithdháileadh do Mhná sa Spórt do na CÁSanna in 2025 ná €415,000, méadú ar an infheistíocht de €277,000 a rinneadh in 2024. Oibreoidh na CÁSanna leis an gceann um Mná sa Spórt de chuid Spórt Éireann chun tionscnaimh a chur ar fáil do spriocghrúpaí ban, lena n-áirítear mná i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná faoi mhíchumas, mná scothaosta, mná ó mhionlaigh eitneacha agus cailíní sna déaga. Fiosróidh na CÁSanna bealaí chun rannpháirtíocht shóisialta na mban sa spórt a mhéadú freisin trí bhallraíocht clubanna agus obair dheonach.

**Iomlán an Chroímhaoinithe do na Coistí Náisiúnta Rialaithe, 2018-2025**



## 7

## Costais Oibriúcháin agus Margaíocht

Déanfaidh Spórt Éireann €1,260,000 a leithdháileadh ar chostais oibriúcháin lárnacha agus ar mhargaíocht na CÁSanna. Clúdóidh an infheistíocht seo oibríochtaí leanúnacha an CÁS ó lá go lá. Anuas air sin, mar thoradh ar infheictheacht agus ar fheasacht ar na CÁSanna a ardú, trí infheistíocht sa mhargaíocht, cuirfear le líon na ndaoine deonacha a earcófar, leis an infheistíocht áitiúil agus, níos tábhachtaí fós, leis an bhfreastal a dhéanfar ar na spriocghrúpaí is dúshlánaí freastal orthu. Chun Gníomhartha 6, 7 agus 9 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a sholáthar ní mór acmhainní a bheith ag na CÁSanna “chun an rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a chur chun cinn, chomh maith le cáilíocht agus inrochtaineacht do gach grúpa a áirithiú”.

## Croímhaoiniú do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, 2018-2025

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	Iomlán
Ceatharlach	€160,914	€203,072	€221,249	€248,375	€236,285	€268,696	€330,778	€334,571	<b>€2,003,940</b>
An Cabhán	€157,312	€214,493	€219,373	€292,889	€285,071	€283,317	€312,750	€375,864	<b>€2,141,069</b>
An Clár	€236,082	€247,982	€283,304	€357,427	€366,791	€407,547	€483,467	€442,691	<b>€2,825,291</b>
Corcaigh	€344,196	€361,779	€408,787	€540,018	€530,609	€622,141	€606,120	€536,675	<b>€3,950,325</b>
Dún na nGall	€252,993	€271,825	€307,978	€364,438	€364,579	€386,222	€444,887	€437,219	<b>€2,830,141</b>
Cathair Bhaile Átha Cliath	€247,387	€320,812	€356,809	€436,344	€448,815	€436,224	€446,527	€510,474	<b>€3,203,392</b>
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	€187,367	€215,963	€237,663	€347,255	€286,294	€273,687	€355,371	€351,838	<b>€2,255,438</b>
Fine Gall	€162,717	€236,793	€280,224	€354,294	€363,712	€307,903	€312,212	€370,653	<b>€2,388,508</b>
Gaillimh	€211,300	€243,346	€280,351	€380,102	€393,486	€343,208	€340,274	€402,023	<b>€2,594,090</b>
Ciarraí	€180,127	€233,800	€250,073	€255,262	€230,067	€205,570	€223,588	€284,118	<b>€1,862,605</b>
Cill Dara	€179,478	€215,465	€264,868	€374,739	€369,378	€311,196	€410,415	€459,430	<b>€2,584,969</b>
Cill Chainnigh	€211,778	€246,710	€274,219	€311,610	€315,244	€301,714	€334,263	€504,749	<b>€2,500,287</b>
Laois	€220,342	€249,810	€278,821	€306,932	€335,544	€362,670	€363,565	€416,688	<b>€2,534,372</b>
Liatroim	€188,794	€233,944	€164,862	€250,487	€221,996	€241,884	€310,330	€320,419	<b>€1,932,716</b>
Luimneach	€355,576	€378,110	€379,528	€453,567	€411,367	€493,397	€576,679	€613,413	<b>€3,661,637</b>
An Longfort	€148,565	€229,858	€217,068	€281,841	€221,628	€279,246	€359,746	€286,539	<b>€2,024,491</b>
Lú	€133,776	€209,482	€213,453	€291,585	€312,945	€343,662	€352,311	€341,419	<b>€2,198,633</b>
Maigh Eo	€255,401	€266,960	€279,194	€379,822	€369,112	€383,409	€425,393	€413,294	<b>€2,772,585</b>
An Mhí	€222,460	€240,492	€269,780	€422,909	€381,797	€440,128	€533,724	€558,722	<b>€3,070,012</b>
Muineachán	€155,799	€213,109	€178,817	€218,554	€215,957	€249,653	€343,001	€326,667	<b>€1,901,557</b>
Uíbh Fhailí	€177,178	€217,255	€233,825	€311,249	€272,880	€311,305	€353,571	€396,055	<b>€2,273,318</b>
Ros Comáin	€144,557	€211,470	€214,840	€244,846	€261,595	€305,672	€366,733	€411,934	<b>€2,161,647</b>
Sligeach	€277,971	€292,078	€300,008	€383,312	€384,918	€415,148	€457,821	€458,189	<b>€2,969,445</b>
Baile Átha Cliath Theas	€177,711	€239,170	€280,920	€351,691	€287,923	€326,530	€398,371	€351,041	<b>€2,413,357</b>
Tiobraid Árann	€307,899	€326,333	€274,738	€392,021	€372,887	€347,121	€420,724	€440,250	<b>€2,881,973</b>
Port Láirge	€277,122	€313,075	€327,272	€408,775	€416,269	€385,787	€455,042	€500,613	<b>€3,083,955</b>
An Iarmhí	€180,268	€239,734	€240,578	€237,227	€246,446	€267,829	€326,701	€312,728	<b>€2,051,511</b>
Loch Garman	€159,027	€210,953	€235,954	€326,857	€331,178	€348,422	€378,392	€434,007	<b>€2,424,790</b>
Cill Mhantáin	€160,236	€207,635	€228,103	€323,000	€323,793	€322,963	€361,568	€352,717	<b>€2,280,015</b>
<b>Iomlán</b>	<b>€6,074,333</b>	<b>€7,291,508</b>	<b>€7,702,659</b>	<b>€9,847,423</b>	<b>€9,558,566</b>	<b>€9,972,251</b>	<b>€11,384,324</b>	<b>€11,945,000</b>	<b>€73,776,069</b>

\* Leithdháileadh €590,000 sa bhreis de Chroímhaoiniú do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt in 2020 agus é imfhálaithe le haghaidh Tionscadail Forbartha Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

## Croímhaoiniú do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, 2025

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	Croímhaoiniú / Maoiniú Cláir	Maoiniú Croi do Mhná sa Spórt	Iomlán
Ceatharlach	€310,371	€24,200	€334,571
An Cabhán	€350,864	€25,000	€375,864
An Clár	€422,691	€20,000	€442,691
Corcaigh	€528,175	€8,500	€536,675
Dún na nGall	€429,719	€7,500	€437,219
Cathair Bhaile Átha Cliath	€492,474	€18,000	€510,474
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	€341,838	€10,000	€351,838
Fine Gall	€355,653	€15,000	€370,653
Gaillimh	€392,023	€10,000	€402,023
Ciarraí	€276,118	€8,000	€284,118
Cill Dara	€445,430	€14,000	€459,430
Cill Chainnigh	€504,749	€0	€504,749
Laois	€396,688	€20,000	€416,688
Liatroim	€307,419	€13,000	€320,419
Luimneach	€597,413	€16,000	€613,413
An Longfort	€277,539	€9,000	€286,539
Lú	€326,419	€15,000	€341,419
Maigh Eo	€388,294	€25,000	€413,294
An Mhí	€516,722	€42,000	€558,722
Muineachán	€316,667	€10,000	€326,667
Uíbh Fhailí	€380,305	€15,750	€396,055
Ros Comáin	€408,104	€3,830	€411,934
Sligeach	€423,969	€34,220	€458,189
Baile Átha Cliath Theas	€341,041	€10,000	€351,041
Tiobraid Árann	€428,250	€12,000	€440,250
Port Láirge	€492,113	€8,500	€500,613
An Iarmhí	€312,728	€0	€312,728
Loch Garman	€425,507	€8,500	€434,007
Cill Mhantáin	€340,717	€12,000	€352,717
<b>Fo-iomlán</b>	<b>€11,530,000</b>	<b>€415,000</b>	<b>€11,945,000</b>

\* Tá méid dóthanach ioncaim iarchurtha á thabhairt anonn ó bhlianta roimhe seo.